



BARÚNDÁ AN DÁ CHLOIGEANN

Bhí éan ann uair amháin. Barúndá an t-ainm a bhí air. Anois, ní fhéadfá a rá gur gnáthéan a bhí ann in aon chor – bhuel, ba ea ar go leor slite ach éist leis seo: bhí dhá mhuineál air. Ó, bhí! Bhí, ar m’anam! Agus dhá chloigeann. B’ait an mac é!

Lá amháin agus é ag siúl ar bhruach na Gainséise, cad a chonaic Barúndá ach mangó breá aibí.

‘Hó hó! Mangó!’ arsa ceann de na cloigne. ‘Neam! Neam! Is aoibhinn liom mangónna!’ ar seisean agus thosaigh sé á ithe.

Bhain sé an-phléisiúr ar fad as agus rith braonta de shú buí milis an mhangó síos a mhuineál. Bhí an cloigeann eile ag breathnú air.

‘Hóigh! Nach bhfuil tú chun píosa de a fhágáil agamsa in aon chor?’
ar seisean.

‘Níl!’ arsa an chéad chloigeann agus thosaigh sé ag gáire.

Ní ag gáire a bhí an cloigeann eile.

‘Nach bhfuil a fhios agatsa go maith,’ arsa an chéad chloigeann, ‘nach bhfuil againne ach an t-aon bholg amháin. Is cuma sa diabhal cé againn a íosfaidh an mangó. Sa bholg céanna a rachaidh sé. Nach ea? Is ea, is ea, cad eile. Mise a chonaic an mangó ar dtús agus is mise a íosfaidh!’

‘Huth!’ arsa an dara cloigeann.

Ní mó ná sásta a bhí sé leis an socrú sin. Déanta na firinne,
bhí sé thar a bheith míshásta.

‘Huth!’ ar seisean arís.

D’fhan sé ina thost ansin. Ach bhí sé ag faire ar
a sheans i gcónaí chun díoltas a bhaint amach.

An lá dár gcionn cad a chonaic an dara
cloigeann ach crann ar a raibh caora nimhe ag fás.

‘Seo mo sheans anois!’ ar seisean leis féin.

‘Hé!’ arsa an chéad chloigeann. ‘An as do
mheabhair atá tú? Is caora nimhe iad sin.
Ná téigh in aice leo!’

‘Tá a fhios agamsa go maith cad iad!’
arsa an dara cloigeann.



‘Ná hith iad! Caillfear sinn araon, a phleidhce!’

‘Mise a tháinig ar na caora sin agus is mise a íosfaidh!’ arsa an dara cloigeann.

Lean sé air ag ithe na gcaor. Ní fada go raibh tinneas boilg orthu beirt – agus an tráthnóna sin, bhí Barúndá bocht sínte marbh.

